Plean Teanga Leitir Ceanainn

2020 - 2027

An Próiseas Pleanála Teanga | The Language Planning Process

- Ceapadh ceanneagraíochta
- Taighde agus anailís
- Plé agus comhairliúchán
- Dréachtú an Phlean Teanga

- Lead organisation appointed
- Research and analysis
- Discussion and consultation
- Drafting of the Language Plan

Fís | Vision

"Plean teanga a chur i bhfeidhm i Leitir Ceanainn a spreagann úsáid na Gaeilge i gcúrsaí oideachais, sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta an bhaile."

"To implement a language plan in Letterkenny that encourages the use of the Irish language in the town in educational, social, cultural and economic matters."

Aidhmeanna Teanga | Language Aims

- Feiceálacht na Gaeilge sa bhaile a ardú.
- Deiseanna sóisialta agus cultúrtha trí Ghaeilge a chur ar fáil do gach aoisghrúpa.
- Cur le líon na ndeiseanna foghlama Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh den chóras oideachais do gach aoisghrúpa.
- Gnólachtaí, eagraíochtaí agus soláthróirí seirbhísí sa bhaile a spreagadh le tuilleadh Gaeilge a úsáid.
- Stádas na Gaeilge i Leitir Ceanainn a ardú agus a cheiliúradh.

- To increase the visibility of the Irish language in the town
- To provide social and cultural opportunities through Irish for all age groups.
- To increase the amount of learning opportunities inside and outside of the education system for all age groups.
- To encourage businesses, organisations and service providers in the town to use more Irish.
- To enhance and celebrate the status of the Irish language in Letterkenny.

Réimsí Pleanála Teanga | Language Planning Areas

- An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)
- Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga
- Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile
- Deiseanna foghlama taobh amuigh den chóras oideachais
- An Earnáil Ghnó

- The Education System (including early-years services)
- Childcare Services, Pre-school and Family Support, including language support services
- Services for young people and for other age groups
- Learning opportunities outside of the education system
- The business sector

Réimsí Pleanála Teanga | Language Planning Areas

- Eagraíochtaí Pobail
- Na Meáin Chumarsáide;
- Seirbhísí Poiblí;
- Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil;
- Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire;
- Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith.

- Community Organisations
- Media
- Public services
- Planning and physical development
- Socializing and past-times
- Status of the Irish language in the area – views, ability and habits of the public

Plean Teanga Leitir Ceanainn

Na Beartanna

Letterkenny Language Plan

The Measures

Cur i bhFeidhm an Phlean Teanga | Implementing the Language Plan

1. Ballraíocht an Choiste Pleanála Teanga: Éifeacht an phróisis a chinntiú trí struchtúr láidir a bheith ann sa choiste pleanála teanga le réimse saineolais agus taithí.

2. Oifigeach Pleanála Teanga: Oifigeach Pleanála Teanga a cheapadh a chuirfidh an plean teanga seo I bhfeidhm agus a chuirfidh leis an phlean le moltaí/bearta eile de réir mar is cuí.

3. Áit oibre a réiteach don Oifigeach Pleanála Teanga: Áit oibre a chur ar fáil don oifigeach pleanála tenaga i leitir ceanainn le háiseanna oifige socruithe de reir mar is cuí (m.s. Fón, nasc idirlín agus trealamh oifige ábhartha a chur ar fáil)

1. Membership of the Language Planning Committee: To ensure the effectiveness of the process through the language planning committee being a strong structure with a range of expertise and experience.

2. Language Planning Officer: Appoint a Language Planning Officer to implement the language plan and to add to the recommendations and measures as is appropriate.

3. Arrange a workplace for the Language Planning Officer: To provide a workplace for the Language Planning Officer in Letterkenny with the necessary office resources (e.g. phone, internet connection, office equipment).

Cur i bhFeidhm an Phlean Teanga | Implementing the Language Plan

4. Margaíocht agus Poiblíocht: Pobal Leitir Ceanainn a chur ar an eolas maidir le dul chun cinn an Phlean Teanga agus deiseanna rannpháirteachais laistigh de.

5. Fóram Pleanála Teanga Dhún na nGall: Rannpháirteachas i bhfóram Pleanála Teanga Dhún na nGall.

6. Suíomh Idirlín Líonra Leitir Ceanainn: Cumarsáid agus poiblíocht a éascú idir an cheanneagraíocht / an tOifigeach Pleanála Teanga agus pobal an bhaile.

4. Marketing and Publicity: Inform the Letterkenny community about the Language Plan and the opportunities for participation.

5. Donegal Language Planning Forum: Participation in the Donegal Language Planning Forum.

6. Líonra Letterkenny Website: Facilitate communications and publicity between the lead organisation/ the Language Planning Officer and the town.

An Córas Oideachais | The Education System

7. Cumann na dTuistí sna Gaelscoileanna: An obair atá ar siúl ag na Cumann Tuistí sa dhá Ghaelscoil (Coláiste Ailigh agus Gaelscoil Adhamhnáin) a neartú trí thacaíocht riaracháin

8. Cur leis an soláthar trí Ghaeilge nó don Ghaeilge in LYIT: Tuilleadh cúrsaí sa Ghaeilge a chur ar fáil in Institiúd Theicneolaíochta Leitir Ceanainn.

9. Fóram do mhúinteoirí Gaeilge: Fóram a bhunú do mhúinteoirí Gaeilge ó gach saghas scoile le tacaíocht a chur ar fáil dá chéile agus le hacmhainní a roinnt.

7. Parents' Association in the Gaelscoileanna: To strengthen the work being carried out by the Parent's Associations in the two Gaelscoil through administrative support.

8. To add to the provision for the Irish language and through Irish in LYIT: To provide more courses in Irish in Letterkenny Institute of Technology.

9. Irish language teachers' forum: Establish a forum for Irish language teachers from all types of schools to provide support and to share resources with one another.

Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh | Childcare Services, Preschool and Family Support

10. Seirbhísí Cúram Leanaí: Eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir le seirbhísí cúram lae trí Ghaeilge.

11. Comh-oibriú le soláthróiri óige reatha: Tacaíocht agus cuidiú a chur ar fáil do sholáthróirí cúram lae ar mhaith leo Gaeilge nó tuilleadh Gaeilge a úsáid.

12. Laethanta Teaghlaigh: Laethanta Teaghlaigh a eagrú i Leitir Ceanainn do thuismitheoirí ag tógáil clainne trí Ghaeilge.

13. Grúpa Tuistí agus Tachrán: Deis a chur ar fáil do thuistí agus do thachrán úsáid a bhaint as a gcuid Gaeilge le chéile agus le teaghlaigh eile.

10 Childcare Services: Provide information to parents about the childcare services available through Irish in Letterkenny.

11. Co-operation with current youth providers: Provide support and help to current childcare providers to use Irish or more Irish.

12. Family Days: Organise Family Days in Letterkenny for parents who are raising their family through Irish.

13. Parent and Toddle Group: Provide an opportunity for parents and toddles to use their Irish together and with other families.

Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile | Services for Young People and for Other Age Groups

14. Líonra na nÓg: Guth a thabhairt do dhaoine óga sa phróiseas pleanála teanga.

15. Turais agus imeachtaí óige: Deiseanna sóisialta a chur ar fáil do dhaoine óga trí Ghaeilge.

14. Líonra na nÓg (Youth Network): Give a voice to young people in the language planning process.

15. Trips and youth events: Provide social opportunities for young people through Irish,

Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais | Learning Opportunities outside of the Education System

16. Ranganna Gaeilge ag leibhéil éagsúla: Ranganna Gaeilge a chur ar fáil nó a chur chun cinn ag gach leibhéal i Leitir Ceanainn.

17. Ciorcail Comhrá: Deis sóisialta a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge agus d'fhoghlaimeoirí Gaeilge trí chiorcail chomhrá a éascú.

18. Eolas d'Fhoghlaimeoirí: Eolas a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí maidir le deiseanna foghlamtha Gaeilge ar líne, sa Ghaeltacht agus in aon áit eile atá ar fáil.

16. Irish language classes at various levels: Provide or publicise Irish language classes at all levels in Letterkenny.

17. Conversation Circle: Provide a social opportunity for Irish speakers and learners through facilitating a conversation circle.

18. Information for learners: Provide information for learners on the opportunities to learn Irish online, in the Gaeltacht and in any other place.

An Earnáil Ghnó | The Business Sector

19. Ceardlanna do Ghnólachtaí ar Bhuntáistí Breise na Gaeilge: Gnólachtaí a chur ar an eolas maidir leis an bhuntáiste breise a bhaineann leis an Ghaeilge do ghnólachtaí.

20. Eolaire Gnó le Gaeilge Leitir Ceanainn: Gnólachtaí a chuireann seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge a aithint ar eolaire ghnó ar shuíomh Líonra Leitir Ceanainn.

21. Gradaim Ghnó le Gaeilge Leitir Ceanainn: Aitheantas a thabhairt do ghnólachtaí i Leitir Ceanainn a bhaineann úsáid as an Ghaeilge nó a oibríonn leis an teanga a chur chun cinn.

19. Workshops for Businesses on the Additional Benefit of the Irish language: Inform businesses about the additional benefits of the Irish language for businesses.

20. Letterkenny Irish Language Business Directory: Recognise businesses that provide services through Irish on a business directory on the Líonra Leitir Ceanainn website.

21. Irish Language Business Award in Letterkenny: Recognition for businesses in Letterkenny that use the Irish language or who work to promote the language.

An Earnáil Ghnó | The Business Sector

22. Gradaim Ghnó le Gaeilge Náisiúnta: Gnólachtaí áitiúla a spreagadh le hiontráil a dhéanamh ar Ghradam Náisiúnta Ghnó le Gaeilge.

23. Seirbhís Aistriúcháin: Cuirfear seirbhís aistriúcháin ar fáil do ghnólachtaí ar mhaith leo ábhar a chur amach trí Ghaeilge nó go dátheangach.

24. Tacaíochtaí Eile: Cuirfear tacaíochtaí eile ar fáil do ghnólachtaí de réir mar is cuí agus de réir éileamh le tacú leo tuilleadh Gaeilge a chur san áireamh ina gcuid gnó.

22. National Irish Language Business Award: Encourage local businesses to enter the National Irish Language Business Awards.

23. Translation Service: Provide a translation service for business who wish to produce material in Irish or bilingually.

24. Other Supports: Other supports will be made available to businesses as appropriate and in line with demand to help them to use the Irish language in their businesses.

Eagraíochtaí Pobail | Community Organisations

25. Tacaíocht d'Eagraíochtaí Pobail an Ghaeilge a úsáid: Tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí pobail i Leitir Ceanainn tuilleadh Gaeilge a úsáid.

25. Support for Community Organisations to use the Irish Language: Provide support to community organisations in Letterkenny to use more Irish.

Na Meáin Chumarsáide | The Media

26. Naisc a chothú leis na meáin áitiúil: Caidreamh a chothú leis na meáin áitiúil le tacú leo tuilleadh Gaeilge a úsáid.

27. Cúrsaí oiliúna ar scileanna raidió: Scileanna craoltóireachta a theagaisc trí mheán na Gaeilge.

26. Build a link with the local media: Nourish a relationship with the local media to help them to use more of the Irish language.

27. Training course on radio skills: Teach broadcasting skills through the medium of Irish.

Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil | Planning and Physical Development

28. Cultúrlann Leitir Ceanainn: Lárionad Gaeilge a oscailt i Leitir Ceanainn le spás buan a chruthú do phobal na Gaeilge i Leitir Ceanainn.

28. Letterkenny Cultúrlann: Open an Irish language centre in Letterkenny to provide a permanent space for the Irish language community in Letterkenny.

Seirbhísí Poiblí | Public Services

29. Eolas maidir le seirbhísí poiblí trí Ghaeilge: Muintir Leitir Ceanainn a chur ar an eolas maidir leis na seirbhísí poiblí atá ar fáil trí Ghaeilge.

29. Information about Irish language public services: Inform the Letterkenny community about the public services that are available through Irish.

Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire | Socializing and Past-times

30. Pop Up Gaeltacht: Deis sóisialta neamhfhoirmeálta a chur ar fáil ar bhonn míosúil do lucht labhartha na Gaeilge i Leitir Ceanainn.

31. Oíche Ghaelach Bhliantúil: Ceiliúradh agus aitheantas do phobal na Gaeilge i Leitir Ceanainn trí ócáid fhoirmeálta a chur ar siúl ar bhonn bhliantúil.

32. Ceardlanna do phobal na Gaeilge: Ceardlanna nó cúrsaí a eagrú ar bhonn míosúla nó mar chuid d'fhéilte sa bhaile do lucht labhartha na Gaeilge i Leitir Ceanainn ar ábhair éagsúla.

30. Pop Up Gaeltacht: Provide an informal social opportunity on a monthly basis for the Irish language community in Letterkenny.

31. Annual Irish Night: Celebration and recognition for the Irish language community in Letterkenny through a form occasional that takes place every year.

32. Workshops for the Irish language community: Organise workshops or courses on a monthly basis or as part of festivals in the town for the Irish speaking community in Letterkenny on various topics.

Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire | Socializing and Past-times (ar lean | continued)

33. Park Run trí Ghaeilge: Park Run trí Ghaeilge a eagrú i Leitir Ceanainn mar ócáid rialta.

34. Féilte: Seachtain na Gaeilge agus Féile an Fhómhair: Féilte a eagrú i Leitir Ceanainn a thugann aird agus aitheantas don Ghaeilge le linn na bliana.

33. Park Run through Irish: Organise an Irish language Park Run in Letterkenny as a regular event.

34. Festivals: Seachtain na Gaeilge and an Autumn Festival: Organise festivals in Letterkenny that give attention and recognition to the Irish language throughout the year.

Staid na Gaeilge sa Limistéar | Status of the Irish language in the area

35. Comharthaíocht sa Bhaile Seirbhíse Gaeltachta: Eagraíochtaí agus gnólachtaí a spreagadh le comharthaíocht as Gaeilge nó dátheangach a chur in airde i spásanna poiblí.

35. Signage in the Gaeltacht Service Town: Encourage organisations and businesses to erect Irish language or bilingual signage in public places.

Plean Teanga Leitir Ceanainn

Cur i bhfeidhm agus Monatóireacht

Letterkenny Language Plan

Implementation and Monitoring

Cur i bhfeidhm agus monatóireacht | Implementation and Monitoring

Ról Choiste Líonra Leitir Ceanainn

Is é coiste Líonra Leitir Ceanainn a bheidh i gceannas ar an togra seo agus freagrach go príomha as an phlean teanga seo a chur i bhfeidhm de réir dea-chleachtas agus bunaithe ar chomhairle ó Fhoras na Gaeilge. Le struchtúr oibre a bhunú atá in oiriúint do chur i bhfeidhm an phlean teanga, déanfar na socruithe cuí le hOifigeach Pleanála Teanga a fhostú (tuilleadh eolais i mBeart 2).

Role of Líonra Leitir Ceanainn

The Líonra Leitir Ceanainn committee will take charge of the project and be primarily responsible for the implementation of this language plan according to good practice and based on guidance from Foras na Gaeilge. In order to establish a structure that is suitable to implement the language plan, necessary arrangements will be made to employ a Language Planning Officer (more information in Measure 2).

Cur i bhfeidhm agus monatóireacht | Implementation and Monitoring

Plean Oibre agus Tuairiscí Monatóireachta

Leagfar amach Plean Bliana ag tús gach bliain le tosaíochtaí an Oifigigh Pleanála Teanga istigh ann.

Cuirfear córas monatóireachta i bhfeidhm le taifead a choinneáil de dhul chin cinn na mbeartanna agus le riachtanais tacaíochta a aithint.

Work Plan and Monitoring Reports

An Annual Work Plan will be set out each year with the Irish Language Officer's priorities included.

A monitoring system will be implemented in order to keep a record of the progress of the measures and to identify support needs.

Plean Teanga Leitir Ceanainn

Cad é anois?

Letterkenny Language Plan

What now?

Cad é anois? | What now?

- Plé ar na bearta
- Freagraí agus tuairimí
- Plean a sheoladh chuig an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
- Faomhadh an Phlean Teanga
- Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga

- Discussion of the measures
- Responses and opinions
- Plan to be sent to the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht
- Approval of the Language Plan
- Implementation of the Language Plan